# Na Tithe Solais

Eochairfhocail: teach solais, ionad oidhreachta agus turasóireachta, gnó pobail, fostaíocht, deiseanna

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht.


Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cé mhéad duine a d'fhan i dtithe solais in Éirinn an bhliain seo caite?
2. Breac síos dhá chúis a dtugann daoine cuairt ar theach solais Fhánada i nDún na nGall?
3. Cén fáth a gceapann Diane Ní Chanainn gur gnó pobail an-tábhachtach é Teach Solais Fhánada?
4. Cén dream a d'fhoilsigh tuairisc le déanaí faoi na tithe solais?
5. Cén post atá ag Fergus Mac Suibhne?
6. Cad iad na deiseanna a eascraíonn ó na tithe solais, dar le hÚdarás na Gaeltachta?
7. Cé mhéad Euro a chaith cuairteoirí ag na tithe solais an bhliain seo caite?
8. Cén contae in Éirinn as a bhfuil an mhír nuachta seo ag teacht?
9. Ar mhaith leat cuairt a thabhairt ar theach solais? Cén fáth?
10. Déan taighde ar líne agus aimsigh trí theach solais atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta.

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta:

na manaigh, cónaí, oidhreachta, longa, iargúlta, ríomhairí, tógadh, blianta, stair, ré,


Bhí ról lárnach le fada an lá ag tithe solais i _______ mhuirí na hÉireann. Cabhraíonn na tithe solais go mór le báid agus _____ a threorú trí fharraigí contúirteacha timpeall chósta na hÉireann. Is iomaí beatha a sábháladh thar na ________ a bhuí leis na tithe solais. Ceaptar gur ________ an chéad teach solais in Éirinn siar sa dara haois déag i Loch Garman. Ba iad ___ _________ a thóg an ceann sin. Tháinig ___ na dtithe solais chun cinn i gceart in Éirinn san ochtú haois déag nuair a bunaíodh Coimisinéirí Soilse na hÉireann sa bhliain 1786. Thóg Coimisinéirí Soilse na hÉireann roinnt mhaith tithe solais timpeall an chósta. Ba mhinic gur tógadh na tithe solais úd in áiteanna __________
agus sceirdiúla. Bhíodh coimeádaí sna tithe solais ar feadh na mblianta agus is iontu a bheadh _______ ar an gcoimeádaí agus ar a dteaghlach go minic. Sa lá atá inniu ann is iad na _________ a rialaíonn na tithe solais agus mar sin baintear úsáid anois as cuid mhaith de na tithe solais mórthimpeall na hÉireann mar ionaid_____________ agus turasóireachta.



Foghlaim TG4

# Na Freagraí

Bhí ról lárnach le fada an lá ag tithe solais i stair mhuirí na hÉireann. Cabhraíonn na tithe solais go mór le báid agus longa a threorú trí fharraigí contúirteacha timpeall chósta na hÉireann. Is iomaí beatha a sábháladh thar na blianta a bhuí leis na tithe solais. Ceaptar gur tógadh an chéad teach solais in Éirinn siar sa dara haois déag i Loch Garman. Ba iad na manaigh a thóg an ceann sin. Tháinig ré na dtithe solais chun cinn i gceart in Éirinn san ochtú haois déag nuair a bunaíodh Coimisinéirí Soilse na hÉireann sa bhliain 1786. Thóg Coimisinéirí Soilse na hÉireann roinnt mhaith tithe solais timpeall an chósta. Ba mhinic gur tógadh na tithe solais úd in áiteanna iargúlta agus sceirdiúla. Bhíodh coimeádaí sna tithe solais ar feadh na mblianta agus is iontu a bheadh cónaí ar an gcoimeádaí agus ar a dteaghlach go minic. Sa lá atá inniu ann is iad na ríomhairí a rialaíonn na tithe solais agus mar sin baintear úsáid anois as cuid mhaith de na tithe solais mórthimpeall na hÉireann mar ionaid oidhreachta agus turasóireachta.



Foghlaim TG4

# Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

Samhlaigh gur choimeádaí tí solais tú blianta fada ó shin. Tá cónaí ort i dteach solais le do theaghlach. Déan cur síos ar an ngnáthlá oibre a bhíonn agat sa teach solais. Is leor 150 focal sa chur síos. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.

